Meánscoil Gharman

Dínit san Ionad Oibre Réamhrá: Aithníonn Bord Bainistíochta Mheánscoil Gharman go bhfuil sé de cheart ag gach fostaí oibriú ar láthair oibre atá saor ó mhaistíneacht de chineál ar bith. Déanfaidh an Bord Bainistíochta a dhícheall a chinntiú gur féidir le gach fostaí an ceart sin a chleachtadh.

Cuspóirí

Is í an aidhm atá leis an doiciméad seo ná polasaí agus nósanna imeachta an Bhoird maidir le maistíneacht san ionad oibre a leagan amach. Tá an fhreagracht ar gach fostaí bheith ar an eolas faoin doiciméad seo. Tá freagracht ar gach fostaí freisin a chinntiú go gcoinnítear an láthair oibre saor ó mhaistíneacht.

An Polasaí

Glacfar go dáiríre le gearáin faoi mhaistíneacht agus pléifear leo go pras faoi rún agus ar bhealach tuisceanach. Ní glacfar le ball d'fhoireann na scoile a bheith ag déanamh maistíneachta ar bhall eile den fhoireann agus níl iompar mar seo ag teacht le sainmheon na scoile

Tá sainmheon Mheánscoil Gharman gaelach, críostúil, aireach, tacúil, measúil spreagúil,

fáiltiúil cuidiúl agus tuisceanach. (Polasaí Tréadchuraim)

Sa chás go ndéantar gearán faoi mhaistíneacht, déanfar iarracht teacht ar réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil ar dtús. Ach, sa chás go dteipeann air seo, cuirfear próiseas foirmiúil ar bun. Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go ndéanfar iniúchadh iomlán, cuí ar gach gearán.

Ní mór a thuiscint go bhféadfadh gá a bheith le caingean smachta a chur i bhfeidhm de bharr maistíneachta. I gcás tromchúiseach d'fhéadfaí duine a 2 bhriseadh as a phost i gcomhréir leis an dlí agus le nósanna imeachta fostaíochta ábhartha.

Baineann an polasaí seo le

- gearáin maidir le maistíneacht (ciapadh gnéasach san áireamh) a dhéanann fostaí amháin in aghaidh fhostaí eile
- gearáin maidir le maistíneacht (ciapadh gnéasach san áireamh) a dhéanann ball foirne in aghaidh duine le freagracht bainistíochta
- gearáin maidir le maistíneacht (ciapadh gnéasach san áireamh) a dhéanann duine le freagracht bainistíochta in aghaidh ball foirne

Ní bhaineann an polasaí seo le

- gearáin maidir le maistíneacht (ciapadh gnéasach san áireamh) a dhéanann ball foirne in aghaidh dalta. Pléifear lena leithéid de ghearán faoi chód smachta na scoile nó faoi chód cleachtais eile.
- gearáin maidir le maistíneacht (ciapadh gnéasach san áireamh) a dhéanann dalta(í) i leith ball foirne. Pléifear le gearáin den sórt seo faoi na gnáthnósanna imeachta maidir le gearáin.
- gearáin maidir le ciapadh a thagann faoi théarmaí an Achta um Chomhionannas Fostaíochta (1998) toisc gur faoin reachtaíocht sin is cóir iad a dhéanamh.
- gearáin gan ainm.
- gearáin lena bhfuil imeachtaí dlíthiúla i bhfeidhm.

1. **Maistíneacht ar dhaoine fásta ar an láthair oibre:**

Cad is maistíneacht ann?

Tugann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an sainmhíniú l seo a leanas ar mhaistíneacht :

Is é is bulaíocht ar an láthair oibre ann ná ionsaí rialta ó bhéal, go siceolaíoch nó go fisiciúil a dhéanann duine aonarach nó grúpa daoine ar dhuine nó ar dhaoine eile. Is bulaíocht a bhíonn ann nuair is ionsaí, cruálacht, duáilceas, imeaglú nó náiriú atá chun tosaigh sa chaidreamh. Cé nach féidir glacadh le hiompar ionsaitheach ar bhonn fánach, ní féidir bulaíocht thabhairt air. Tarlaíonn coimhlintí agus deacrachtaí idirphearsanta ar an láthair oibre ach is deacrachtaí dlisteanacha de shórt chaidreamh thionsclaíoch iad seo ar chóir plé leo trí chórais chuí chaidreamh thionsclaíocha. Ní cóir bulaíocht a thabhairt ar iompar ar bith seachas iompar a bhíonn leanúnach.

Tá saghsanna éagsúla maistíneachta ar dhaoine fásta ann. Ina measc tá:

- Imeaglú
- Ionsaí
- Drochíde ó bhéal
- Náiriú
- Bonn a bhaint de dhuine
- Mí-úsáid cumhachta
- Caitheamh le duine go héagsúil nó go mí-fhabhrach
- Duine a fhágáil ar lár nó a aonrú

Siad na príomhghnéithe a bhaineann le bulaíocht ar dhaoine fásta ná go mbíonn sé;

- Leanúnach
- Nach lorgaítear é
- Caolchúiseach
- Neamhfhisiciúil

1. **Ciapadh Gnéasach ar dhaoine fásta ar an láthair oibre:**

Cad is ciapadh gnéasach ann?

Ciapadh gnéasach ná pátrún d'iompar ionsaitheach atá dírithe ar dhuine eile, iompar nach bhfuil á lorg ná ag teastáil ón duine ar a bhfuil sé dírithe. Ní léiríonn sé meas ar dhínit an duine agus cuireann sé isteach ar an duine ar an láthair oibre. Is pátrún iompair é a bhraithfeadh duine réasúnta a bheith naimhdeach agus a dhéanfadh imeaglú nó náiriú air / uirthi.

I measc na gcineálacha iompair a dtabharfaí ciapadh gnéasach orthu i gcomhthéacs scoile tá;

Ciapadh Gnéasach Béil – ráitis béil gnéasacha ionsaitheacha, leaththagairtí gnéasacha, scéalta grinn le claonadh gnéasach, feadaíl, glaonna gutháin de chineál gnéasach, brú nach bhfáiltítear roimhe maidir le teagmháil shóisialta.

Ciapadh Gnéasach Neamhbhriathartha – pictiúir phornagrafacha nó pictiúir le claonadh gnéasach iontu, féilirí den sórt céanna, comharthaí ionsaitheacha, cumarsáidí scríofa nó trí mheán leictreonach le claonadh gnéasach iontu.

Ciapadh Gnéasach Fisiciúil – teagmháil fhisiciúil nach bhfáiltítear roimpi.

1. **Nósanna Imeachta i gcás Líomhaintí maidir le Maistíneacht (Ciapadh Gnéasach san áireamh)**

Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

- Céim 1

(a) Má bhraitheann ball foirne go bhfuil maistíneacht nó ciapadh gnéasach á dhéanamh air / uirthi, ba chóir dó / di coinne a dhéanamh agus an fhadhb a phlé leis an té atá i mbun an chiaptha agus iarraidh ar an duine sin éirí as láithreach. Is leor a mhíniú don té atá i mbun an chiaptha nach bhfáiltítear roimh a c(h)uid iompair, go bhfuil an t- iompar sin ag cur isteach air / uirthi agus go gcuireann an t-iompar isteach ar a c(h)uid oibre.

(b) Má bhraitheann an gearánaí nach féidir leis / léi labhairt díreach leis an duine tá ag cur isteach air / uirthi, d'fhéadfadh sé / sí iarraidh ar dhuine ainmnithe labhairt ar a s(h)on. D'fhéadfadh gur comhghleacaí, ball de bhainistíocht na scoile nó ionadaí an cheardchumainn a bheadh sa duine ainmnithe. Sa chás seo ba chóir don duine ainmnithe tabhairt faoin scéal a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil agus íogair trí chomhrá discréideach agus neamhthrodach.

(c) Is féidir leis an ngearánaí beartú gan dul tríd an bpróiseas neamhfhoirmiúil. Ní ceart go mbeadh aon impleachtaí diúltacha ag baint leis an rogha seo agus an gearánaí ag tabhairt faoin bpróiseas foirmiúil.

- **Nós Imeachta Foirmiúil**

Céim 2

(a) Má shocraíonn an gearánaí gan bacadh leis an nós imeachta neamhfhoirmiúil nó mura dtagann stop leis an iompar mí-oiriúnach tar éis dó an próiseas neamhfhoirmiúil a thriail, cuirfidh an gearánaí gearán foirmiúil i scríbhinn ag an bPríomhoide. Más faoin bPríomhoide atá an gearán á dhéanamh, cuirfear an gearán i scríbhinn ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

(b) Cuirfidh an Príomhoide nó mar is cuí Cathaoirleach an Bhoird an an Bord Bainistíochta ar an eolas faoin ngearán.

(c) Déanfaidh an Príomhoide nó Cathaoirleach an Bhoird nó tríú páirtí comhaontaithe an gearán a fhiosrú chomh luath agus is féidir.

(d) Cuirfidh an Príomhoide / Cathaoirleach in iúl don ghearánaí go bhfuil an gearán faighte uaidh, déanfar nóta de sin agus

- tabharfar cóip den ghearán scríofa don té a bhfuil an gearán curtha ina leith agus lorgófar freagra scríofa uaidh.
- tabharfar cóip den fhreagra scríofa, más ann dó, don ghearánaí.
- socrófar cruinniú nó cruinnithe idir an gearánaí agus an té a bhfuil an gearán curtha ina leith, le chéile nó scartha, le hiarracht a dhéanamh an cheist a réiteach nó más gá le tríú páirtí a shocrú leis an ngearán a fhiosrú. Is féidir leis an ngearánaí agus an té a bhfuil an gearán curtha ina leith comhghleacaí nó duine eile (neamhdhlíthiúil) a thabhairt leo ag an gcruinniú.

(e) Déanfar an fiosrú chomh tapaidh agus is féidir taobh istigh de thréimhse ama comhaontaithe. (f) Nuair a bheidh an fiosrú críochnaithe, tabharfaidh an Príomhoide / Cathaoirleach / tríú páirtí tuairisc

scríofa don Bhord Bainistíochta le torthaí an fhiosraithe.

(g) Cuirfear an gearánaí agus an té a bhfuil an gearán curtha ina leith ar an eolas faoi thoradh an fhiosraithe.

(h) Tabharfar deis an thabhairt don dá pháirtí freagra a thabhairt ar na torthaí i scríbhinn nó trí chur i láthair pearsanta os comhair an Bhoird.

(i) Má shocraíonn an Bord go bhfuil bunús faoin ngearán, cuirfear agallamh foirmiúil ar an té a bhfuil an gearán curtha ina leith leis an mbealach is fearr le plé leis an ngearán a shocrú. D'fhéadfadh comhairleoireacht nó monatóireacht ar dhul chun cinn a bheith i gceist nó d'fhéadfaí an cás a thógáil tríd na socruithe fostaíochta ag an té a bhfuil an gearán curtha ina leith maidir le gearáin agus smacht.

1. **Rúndacht**

Caithfidh na daoine ar fad atá bainteach leis na céimeanna atá luaite thuas an t-ábhar ar fad a choinneáil faoi rún.

1. **Taifid a choinneáil**

Ba chóir taifead soiléir a choinneáil ag gach céim den phróiseas ;

- An fiosrú a rinneadh
- Gach cumarsáid leis an ngearánaí
- Gach cumarsáid leis an té a bhfuil an gearán curtha ina leith
- Na céimeanna agus na cinntí a glacadh le linn an fhiosraithe agus cé ghlac iad
- Torthaí an fhiosraithe(má glacadh leis an ngéarán nó murar glacadh) agus na céimeanna gníomhaíochta a ghlac an Bord Bainistíochta bunaithe ar thorthaí an fhiosraithe

Nuair nach nglactar leis an ngearán, cuirtear ráiteas leis an eolas sin le comhad pearsanra an ghearánaí. Déantar gach taifead ar an ngearán nár glacadh leis agus a diúltaíodh a bhaint as comhad pearsanra an té a bhfuil an gearán curtha ina leith. Sa chás go ndearbhaítear an gearán a bheith fíor, cuirtear ráiteas leis an eolas sin ar thaifead an té a bhfuil an gearán curtha ina leith.

1. **Cosaint agus Tacaíocht**

Déanfar an fhoireann a chosaint ar imeaglú, leatrom agus cos ar bolg de bharr an ghearáin nó as cabhrú leis an bhfiosrú. Breathnófar ar aon díoltas a bhaintear amach ar bhall foirne toisc gearán a bheith déanta acu faoi mhaistíneacht nó gnéaschiapadh mar chás smachta. Breathnófar ar aon ghearán mailíseach a dhéanann ball foirne mar mhí-iompar agus pléifear leis faoin gcóras smachta freisin.

1. **Cabhair i gcás maistíneachta / gnéaschiaptha**

Déanfar gach iarracht cabhrú le híospartach maistíneachta nó ciaptha ghnéasach chun plé leis an bhfadhb agus cuirfidh an Bord Bainistíochta comhairleoir ar fáil má lorgaítear é. Seans go n-iarrfaí ar an té a dhéanann ciapadh gnéasach comhairle a lorg ionas go seachnófar an cineál céanna eachtra arís. D'fhéadfadh an Bord Bainistíochta an chomhairle seo a chur ar fáil freisin.

1. **Ceart chun dícheangail**

Tá dícheangal ón obair ríthábhachtach do d'fholláine, agus chun cabhrú leat cothromaíocht oibre is saoil shláintiúil agus inbhuanaithe a bhaint amach.

Aithníonn Meánscoil Gharman go bhfuil gach fostaí i dteideal imeacht lasmuigh dá ngnáthuaireanta oibre agus taitneamh a bhaint as a gcuid am saor ar shiúl ón obair gan chur isteach, mura mbíonn éigeandáil ann nó comhaontú ann chun é sin a dhéanamh, mar shampla agus iad 'ar glao-dhualgas'.

Chun spreagadh agus cabhair a thabhairt dár bhfostaithe a saol oibre agus pearsanta a chothromú tá beartas cuideachta 'Ceart chun Dícheangail' glactha againn, lena náirítear treoir dea-chleachtais maidir le folláine, uaireanta oibre, úsáid na teicneolaíochta agus tuilleadh nach iad.

- Nuair is féidir, níor cheart ríomhphoist a sheiceáil ná a sheoladh ach amháin le linn gnáthuaireanta oibre.
- Ba cheart don seoltóir aird chuí a thabhairt ar uainiú a gcumarsáide agus ar an bhféidearthacht gur cur isteach í, agus ba cheart don fhaighteoir a thuiscint nach mbeifear ag súil go bhfreagróidh siad go dtí go gcuirfear tús lena n-am oibre arís.
- Níor cheart go mbraithfeadh fostaithe go gcaithfidh siad freagra a thabhairt ar chumarsáid shóisialta ó chomhghleacaithe lasmuigh dá n-uaireanta oibre.

1. **Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo tar éis tréimhse dhá bhliain.

Sínithe: _____ Sínithe: Noreen Harpur.
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) (Príomhoide)

Dáta: 16.5.24 Dáta: 16.5.24

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: 2025